Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10587 – BLACKSTONE / WARBURG PINCUS / INTRAFI GROUP)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 31/09)

1. An 14 Eanáir 2022 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— i gcás Blackstone Inc. (SAM, "Blackstone"),

— Warburg Pincus LLC (SAM, "Warburg Pincus"),

— Nexus Parent LLC (SAM, "IntraFi Group"), faoi rialú Blackstone.

Faigheann Blackstone agus Warburg Pincus rialú comhpháirteach ar IntraFi Group de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— i gcás Blackstone: bainisteoir sócmhainní domhanda. Tá a cheanncheathrú sna Stáit Aontaithe agus tá oifigí aige san Eoraip agus san Áise. Tá Blackstone liostaithe ar Stocmhalartán Nua-Eabhrac,

— i gcás Warburg Pincus: cuideachta faoi dhliteanas teoranta lonnaithe i Nua-Eabhrac a bhainistíonn cistí cothromais phríobháidigh Warburg Pincus. Is gnólacht cothromais phríobháidigh domhanda é a bhfuil a cheanncheathrú i Nua-Eabhrac,

— i gcás IntraFi Group: soláthraí réiteach teicneolaíochta airgeadais a thairgeann seirbhísí láithriúcháin taiscí agus maoinithe mórdhíola d'institiúidí airgeadais.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a d'fhéadfadh a bheith acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10587 – BLACKSTONE / WARBURG PINCUS / INTRAFI GROUP

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

Seoladh poist:

An Coimisiún Eorpach
Ard-Stiúrthóireacht na hIomaíochta
Clárlann na gCumasc
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË